**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 14

# An tSaotharlann Stáit

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 14, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reactaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar chostais na Saotharlainne Stáit.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €568,343 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSaotharlann Stáit. Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

Tá mo fhreagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais An Chomhaontacht Bainisteoireachta Seirbhíse idir an tSaotharlann Stáit agus an tOifig Naisiúnta Seirbhísí Comhroinnte chun seirbhísí comhroinnte pharolla a sholáthar.

Braithim ar litir cinnteachta ón Oifigeach Cuntasaíochta don vóta do sheirbhísí comhroinnte go bhfuil rialacháin iomchuí i bhfeidhm chun seirbhísí comhroinnte pharolla a chur ar fáil.

Seo a leanas, an timpeallacht rialaithe airgeadais, rialuithe riaracháin, tuairisciú bainistithe agus iniúchadh inmheánach:

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tSaotharlann Stáit go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú. Chloígh an tSaotharlann Stáit leis na treoirlínte, ach amháin í gcás conradh amháin ar luach €59,299 a bhí liosta i mo thuarascáil bhliantúil i leith Ciorclán 40/2002. An fáth don eisceacht seo na gurbh é an soláthraí seo an t-aon gnÍomhaire Eorpach do thomhaltais speisialta do ghleas saotharlainne áirithe.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSaotharlann Stáit le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na tSaotharlann Stáit i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Ita Kinahan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSaotharlann Stáit

31 Marta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 14 An tSaotharlann Stáit

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina tSaotharlann agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 14 An tSaotharlann Stáit don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An tSaotharlann Stáit. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

24 Aibreán 2015

# Vóta 14 An tSaotharlann Stáit
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastúchán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach | 8,647 | 8,312 | 8,489 |
| | **Olliomlán** | **8,647** | **8,312** | **8,489** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **852** | **1,085** | **944** |
| | **Glaniomlán** | **7,795** | **7,227** | **7,545** |

**Farasbarr le tabhairt suas**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 568,343 | 574,375 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastúchán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 5,047 | 4,819 | 4,805 |
| ii | Taisteal agus cothú | 35 | 26 | 20 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 229 | 228 | 220 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 75 | 60 | 63 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachracha | 1,665 | 1,794 | 1,979 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 1,582 | 1,372 | 1,388 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 14 | 13 | 14 |
| | | 8,647 | 8,312 | 8,489 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Pá | | 4,819 | 4,805 |
| Caiteachas eile | | 3,493 | 3,684 |
| **Olliomlán** | | **8,312** | **8,489** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,085** | **944** |
| **Glaniomlán** | | **7,227** | **7,545** |
| | | | |
| **Athruithe maidir le sóchmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin | (496) | | |
| Dímheas | 686 | | |
| | | 190 | (23) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (26) | | |
| Laghdú ar stoc | 7 | | |
| | | (19) | 63 |
| **Caiteachas Díreach** | | **7,398** | **7,585** |
| | | | |
| **Caiteachas iompraithe ó áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 893 | 754 |
| Measchíosanna | | 1,302 | 1,344 |
| **Costas glan clár** | | **9,593** | **9,683** |

### 1.1 Glanseirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 14 a tabhaíodh in áit éigin eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 7 Airgeadais | m | 16 | 23 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 873 | 731 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 4 | — |
| | | **893** | **754** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | **1,111** | **1,301** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 72 | 74 |
| Stoic | 2.4 | 159 | 166 |
| Réamhíocaíochtaí | | 643 | 633 |
| Ioncam fabhraithe | | 53 | 46 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 108 | 113 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.7 | 7 | (19) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,042** | **1,013** |
| **Lúide dliteanas reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 66 | 75 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 187 | 168 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **253** | **243** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **789** | **770** |
| **Glansócmhainní** | | **1,900** | **2,071** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **1,900** | **2,071** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 2,071 | 2,111 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 7,795 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (568) | | |
| Vóta glan | | | 7,227 | 7,545 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 893 | 754 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | | 1,302 | 1,344 |
| Costas glan clár | 1 | | (9,593) | (9,683) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **1,900** | **2,071** |

**2.2 Ráiteas ar Shócmhainní Caipitil**

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 12,391 | 538 | 20 | 12,949 |
| Breiseanna | 496 | — | — | 496 |
| Diúscairtí | (475) | — | — | (475) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 12,412 | 538 | 20 | 12,970 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | 11,152 | 476 | 20 | 11,648 |
| Dímheas don bhliain | 633 | 53 | — | 686 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (475) | — | — | (475) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2014 | 11,310 | 529 | 20 | 11,859 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **1,102** | **9** | **—** | **1,111** |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **1,239** | **62** | — | **1,301** |

| **2.3 Banc agus Airgead** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Fuílleach PMG | 70 | 74 |
| Fuílleach cuntais bainc tráchtála | 2 | — |
| | 72 | 74 |

| **2.4 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Ábhar Inchaite Ceimiceach agus Saotharlainne | 140 | 145 |
| Stáiseanóireacht agus Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise | 19 | 21 |
| | 159 | 166 |

| **2.5 Fuílligh Docair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Tuarastail Inaisíoctha | 91 | 96 |
| Costais Taistil Inaisíoctha | — | 1 |
| Scéim Pas Taistil Inaisíoctha | 14 | 14 |
| Scéim um Rothaíocht Chun Oibre Inaisíoctha | 3 | 2 |
| | 108 | 113 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna atá dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 50 | 55 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 30 | 30 |
| An Muirear Sóisialta Uilíoch | 18 | 20 |
| Cáin Chonarthaí Iomchuí | 1 | — |
| Cáin Bhreisluacha ar Éadálacha in-AE | 52 | 25 |
| | 151 | 130 |
| Asbhaintí den phárolla áta á gcoinneáil ar fionraí | 36 | 38 |
| | 187 | 168 |

| **2.7 An Glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farrasbarr le tabhairt suas | 568 | 574 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (575) | (555) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (7) | 19 |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 72 | 74 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 108 | 113 |
| | 180 | 187 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (151) | (130) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (36) | (38) |
| | (187) | (168) |
| | | |
| | (7) | 19 |

| **2.8 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán ceangaltais infhorfheidhmithe le dlí | 54 | 12 |

# 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim soláthraithe sa mheastúchán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **A** | **Saotharlann anailíseach an rialtais agus seirbhís chomhairleach** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 5,047 | 4,819 | 4,805 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 3,600 | 3,493 | 3,684 |
| | | 8,647 | 8,312 | 8,489 |

**Miniú ar Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A níos lú ná mar a bhí curtha ar fáil. Seo a leanas, na Príomh- fháthanna do seo:

| Ceannteideal | Níos lú/(níos mó) na mar a bhí measta €000 | Míniúchán |
|---|---|---|
| Riarachán - Tuarastail | 228 | Ní raibh foluntais de dheasca baill foirne ag dul amach ar pinsean agus baill foirne ag aistriú ar ardú céime líonta go dtí 2015 |
| Riarachán – Caiteachas Seachas Tuarastail | 107 | Ni raibh an uasghrádú a bhí beartaithe don chóras aer comhbhruite agus giniúint nítrigine críochnaithe roimh deireadh na bliana. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais d'anailísí éagsúla, scrúduithe srl | 550 | 799 | 649 |
| 2 | Fáltais ó asbhaintí bainteach le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 300 | 284 | 295 |
| 3. | Fáltais ilghnéitheacha Bóthar Haddington | 2 | 2 | — |
| | **Iomlán** | **852** | **1,085** | **944** |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach teidil nuair a raibh an toradh difriúil ón méid measta tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastúcháin fhorlíontacha agus breis is €100,000, agus breis is 5%.

| Teideal | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais d'anailísí éagsúla, scrúduithe srl | (249) | Tarlaíonn na hadmhálacha breise dá bharr taillí Chróinéara. Toisc go mbraitheann an seirbhís seo ar éileamh, tá sé deacair reamhaithris chruinn a dhéanamh ar ioncam |

**4.2 Admhálacha breise is iníochta leis an Státchiste**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** |
| Admhálacha breise an Státchiste | — | 17 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 79 | 83 |

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 4,512 | 4,510 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 19 | 20 |
| Ragobair | — | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 288 | 275 |
| **Pá Iomlán** | **4,819** | **4,805** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon na bhfaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht Aonair** | **Uasíocaíocht Aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2014** | **2013** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 6 | 1 | 11,157 | 12,344 |